



2025/1486

23.7.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1486 ÓN gCOIMISIÚN

an 22 Iúil 2025

Iena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tairiscintí soláthairtí hidrigine de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó na Bealarúise a eisiamh go sealadach óna mbailiú tríd an sásra chun tacú le forbairt margaidh hidrigine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1789 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir leis na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, gás nádúrtha agus hidrigin, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1227/2011, (AE) 2017/1938, (AE) 2019/942 agus (AE) 2022/869 agus Cinneadh (AE) 2017/684 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 54(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Bhunaigh an Coimisiún an Sásra Hidrigine ('an sásra') chun tacú le forbairt margaidh hidrigine dá dtagraítear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) 2024/1789 atá le cur chun feidhme faoi ghníomhaíochtaí an Bhainc Eorpaigh Hidrigine ⁽²⁾. Seoladh an sásra i mí Iúil 2025. Is é is aidhm don sásra cur le trédhearcacht an éilimh, an tsoláthair, na sreafaí agus na bpraghsanna hidrigine agus ról comhordúcháin a bheith aige, agus é ag nascadh agus ag próiseáil, agus rochtain á tabhairt ar fhaisnéis maidir le héileamh agus soláthar le haghaidh hidrigin agus díorthaigh hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin arna gcur isteach ag ceannaitheoirí atá bunaithe san Aontas agus i bPáirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus i soláthróirí intíre agus idirnáisiúnta araon. Cuirfear an sásra Hidrigine chun feidhme agus oibreoidh sé i gcomhréir le rialacha iomaíochta an Aontais, go háirithe Airteagail 101 agus 102 CFAE.
- (2) Tagraíonn soláthar hidrigine do dhíol hidrigine le custaiméirí, agus athdhíol san áireamh, lena n-áirítear hidrigin i bhfoirm iompróirí hidrigine orgánaí leachtaí nó hidrigin leachtach agus díorthaigh hidrigine lena n-áirítear amóinia nó meatánól ⁽³⁾.
- (3) Táirgeann an Rúis agus an Bhealarúis méideanna móra hidrigine agus díorthach atá bunaithe ar bhreosla iontaise (amhail amóinia). Chomh maith leis sin, tá acmhainneacht ann maidir le díolacháin agus soláthairtí móra de tháirgeadh hidrigine agus díorthach hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin de thionscnamh na Rúise agus na Bealarúise. Ní chuirtear as an áireamh go n-onnmhaireofaí cuid de na méideanna díorthach hidrigine agus hidrigine sin chuig an Aontas freisin.
- (4) Is léir ón taithí a fuarthas ar sholáthairtí fuinnimh ón Rúis agus ón mBealarúis gur bhain an Rúis leas as spleáchas an Aontais ar a honnmhairí fuinnimh chuig an Aontas mar bhealach chun comhéigean agus cúbláil a dhéanamh ⁽⁴⁾. Bhain an Rúis mí-úsáid chórasach as spleáchais chun dochair do gheilleagar agus do shlándáil eacnamaíoch an Aontais agus bhain sí úsáid as caidrimh soláthair fuinnimh le comhpháirtithe san Aontas chun margaí a chúbláil agus chun slándáil soláthair an Aontais a lagú ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L, 2024/1789, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1789/oj>.

⁽²⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an mBanc Hidrigine Eorpach, COM(2023)156 final, 16.3.2023.

⁽³⁾ Airteagal 2, pointe (28), de Threoir (AE) 2024/1788 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le rialacha comhchoiteanna do na margaí inmheánacha do ghás in-athnuaite, do ghás nádúrtha agus do hidrigin, lena leasaítear Treoir (AE) 2023/1791 agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/73/CE (IO L, 2024/1788, 15.7.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1788/oj>).

⁽⁴⁾ Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis ón Rúis, feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938, COM (2025) 828 final, 17.6.2025.

⁽⁵⁾ Féach, go mionsonraithe, stair bhagairtí na Rúise in aghaidh shlándáil soláthair an Aontais sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin 'Measúnú ar thionchar na mbeart chun deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis na Rúise agus feabhas a chur ar an bhfaireachán ar spleáchais fuinnimh a d'fhéadfadh a bheith ann agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1938' an 17 Meitheamh 2025, SWD (2025) 830 final, leathanaigh 1 go 15.

- (5) Tá an baol ann go ndéanadh an Rúis agus an Bhealarúis iarracht caidrimh ghnó agus spleáchais chomhchosúla a bhunú maidir le honnmhairithe hidrigine agus díorthach hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin chuig an Aontas a d'fhéadfaí a úsáid chun margáí a chúbláil.
- (6) Dá gceadófaí soláthairtí de thionscnamh na Rúise nó na Bealarúise a thairiscint tríd an sásra, d'fhéadfaí ligean don Rúis agus don Bhealarúis bonn suntasach a bhaint amach i margadh an Aontais, rud a d'éascódh iarrachtaí an margadh hidrigine nuaghinte a chúbláil.
- (7) Ós rud é gur minic a úsáideann custaiméirí tionsclaíocha móra hidrigin, agus ós rud é nach bhfuil an margadh hidrigine chomh leachtach céanna leis an margadh le haghaidh gás nádúrtha, dá mbunófaí spleáchais soláthair nua ar an Rúis nó ar an mBealarúis d'fhéadfaí é a chur ar a gcumas do na tíortha sin leanúint dá straitéis i leith an Aontais chun slándáil an tsoláthair a chur i mbaol trí mhargáí a chúbláil, trí chur isteach ar sholáthairtí, nó trí úsáid a bhaint as slite eile chun soláthairtí fuinnimh a úsáid mar uirlis troda.
- (8) Cé go bhfuil na rioscaí sin ann fiú i gcás sciathra níos lú de na méideanna foriomlána, d'fhéadfaí cur go mór le ról agus infheictheacht na Rúise agus na Bealarúise ar mhargadh hidrigine an Aontais trí thairiscintí soláthair hidrigine ón Rúis agus ón mBealarúis a bhailiú tríd an sásra chun tacú le forbairt an mhargaidh hidrigine. Chuirfeadh sé sin i gcoinne iarrachtaí an Aontais deireadh a chur de réir a chéile lena spleáchas ar allmhairí fuinnimh ón Rúis ⁽⁶⁾ agus spleáchais nua ar sholáthairtí fuinnimh ó na tíortha sin a sheachaint ⁽⁷⁾.
- (9) I bhfianaise na staide geopholaitiúla sin, agus na rioscaí a eascraíonn as seachadtaí fuinnimh ón Rúis agus ón mBealarúis á gcur san áireamh, is gá tairiscintí soláthairtí hidrigine de thionscnamh na Rúise nó na Bealarúise a eisiáil go sealadach óna mbailiú tríd an sásra chun leasanna bunúsacha slándála an Aontais agus slándáil an tsoláthair a chosaint. De bhun Airteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2024/1789, beidh an cinneadh baili ar feadh tréimhse suas le bliain amháin agus féadfar é a athnuachan, má tá údar cuí leis.
- (10) Ní chuirfidh an t-eisiáil sealadach isteach go míchuí ar fheidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh le haghaidh hidrigine ná ní bhainfidh sé an bonn de shlándáil soláthair an Aontais nó Ballstáit, go háirithe toisc go bhfuil margadh hidrigine an Aontais fós nuaghinte agus nach bhfuil air ach soláthairtí an-teoranta ón Rúis agus ón mBealarúis. Thairis sin, leis an eisiáil sealadach urramaítear prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh ⁽⁸⁾, toisc go nglactar é chun leas an Aontais maidir leis an sásra, gan tionchair mhíchuí a bheith aige ar chearta na mBallstát ná ar chearta a n-oibreoirí eacnamaíocha hidrigin, lena n-áirítear hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin, ná a díorthaigh a thrádáil le tríú tíortha lasmuigh den sásra deonach. Thairis sin, glactar an Cinneadh seo i gcomhréir le cearta agus oibleagáidí an Aontais nó na mBallstát maidir le tríú tíortha.
- (11) I gcomhréir le hAirteagal 54(2) de Rialachán (AE) 2024/1789, chuir an Coimisiún Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas go cuí faoina mheasúnú, agus féadfaidh sé a mholadh go ndéanfaí an cinneadh a athnuachan freisin, má tá údar cuí leis, d'fhonn an beart a ailíniú le beartais eile de chuid an Aontais, amhail Treochlár RePowerEU ⁽⁹⁾, arb é is aidhm dó neamhspleáchas an Aontais ar fhuinneamh na Rúise a chur chun cinn a thuilleadh trí bhíthin bearta chun tacú le deireadh a chur de réir a chéile le hallmhairí gáis, allmhairí núicléacha agus allmhairí ola chun laghdú ar na rioscaí go n-úsáidfí soláthairtí fuinnimh mar uirlis troda.

⁽⁶⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin, Plean REPowerEU, COM(2022) 230 final, 18.5.2022.

⁽⁷⁾ Aithris 71 de Rialachán (AE) 2024/1789.

⁽⁸⁾ Breithiúnas an 15 Iúil 2021, an Ghearmáin v an Pholainn, C-848/19 P, ECLI:EU:C:2021:598, mír 71 ('Is éard atá i gceist le prionsabal na dlúthpháirtíochta fuinnimh oibleagáid ghinearálta, ar an Aontas Eorpach agus ar na Ballstáit, i bhfeidhmiú a n-inniúlachtaí sonracha i leith bheartas fuinnimh an Aontais, leasanna na bpáirtithe leasmhara uile a bhféadfaí difear a dhéanamh dóibh a chur san áireamh, trí ghlacadh beart a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá leasanna a sheachaint, maidir le slándáil an tsoláthair, a inmharthanacht eacnamaíoch agus pholaitiúil agus éagsúlú foinsí soláthair, agus é sin a dhéanamh chun a n-idirspleáchas agus a ndlúthpháirtíocht de facto a chur san áireamh.')

⁽⁹⁾ Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiúin, Treochlár i dtreo deireadh a chur le hallmhairí fuinnimh ón Rúis, COM (2025) 440 final, 6.5.2025.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déanfar tairiscintí soláthairtí hidrigine de thionscnamh Chónaidhm na Rúise nó na Bealarúise a eisiamh óna mbailiú tríd an Sásra Hidrigine chun tacú le forbairt margaidh hidrigine ar feadh tréimhse bliana.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 22 Iúil 2025.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN